# Measúnú

## Cén fáth a ndéanfaimid measúnú?

**Is gá an léitheoireacht a mheas le freastal ar na riachtanais a bhíonn ag léitheoirí óga agus iad ag dul i dtreo an neamhspleáchais.**

Tugann measúnú eolas dúinn ar dhul chin cinn na ngnéithe éagsúla i bhforbairt na léitheoireachta. Is féidir sin a dhéanamh go neamhfhoirmiúil agus riachtanais na bpáistí a chur san áireamh.

## Cad iad na gnéithe a mheasaimid?

Níl aon tastáil amháin ann a dhéanfaidh measúnú ar an léitheoireacht. Tá réimse gnéithe i gceist leis an léitheoireacht agus, sa délitearthacht, is gá na gnéithe sin a mheas i gcomhthéacs an dá theanga. Leis an dara teanga is gá an dá ghné, eolas ar theanga agus forbairt na litearthachta, a chur san áireamh.

Sa **délitearthacht**, is féidir comparáidí a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngnéithe léitheoireachta sa dá theanga. Is féidir go mbeidh forbairt níos rathúla ann i dteanga amháin agus tacaíocht de dhíth sa teanga eile. Sna moltaí sa leabhrán seo pléitear measúnú na léitheoireachta i gcomhthéacs na Gaeilge agus an Béarla san áireamh.

Déantar measúnú ar aithint focal (fónaic & súilaithne), forbairt foclóra, líofacht na léitheoireachta agus na straitéisí tuisceana.

## Cad é an dóigh/Conas a dhéanfaimid measúnú?

Tá réimse bealaí ann leis na gnéithe éagsúla léitheoireachta a mheas **go neamhfhoirmiúil** leis an eolas cuí a fháil ar an dul chun cinn agus gan cur isteach ar an phróiseas foghlama. Is féidir le múinteoirí a dtastálacha féin a dhearadh don mheasúnú bunaithe ar an eolas atá acu le díriú ar riachtanais ranga. Is féidir tógáil ar na moltaí atá sa leabhrán seo. Tá forbhreathnú ar na huirlisí sa leabhrán seo thíos agus níos mó eolais ar gach ceann acu faoi sin.

## Forbhreathnú ar na huirlisí samplacha:

| Cén rud? | Cén uair? | Cé? | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| **Soilse Tráchta** | Gach téarma | Múinteoir | Dul chun cinn sna scileanna a mheas |
| **Taifead Reatha** | Gach 6/8 seachtaine | Múinteoir | Scileanna & straitéisí atá in úsáid/in easnamh a mheas |
| **Líofacht** | Go míosúil | Múinteoir/ páiste | Le tacú le léitheoireacht neamhspleách/muinín |
| **Fardal Díchódaithe** | Go míosúil | Múinteoir | Le díriú ar pháistí faoi leith a bhfuil deacrachtaí díchódaithe acu |
| **Foclóir** | Go minic | Páiste | Le cur le scileanna forbartha focal |



An uirlis: **Soilse Tráchta**

**Cén fáth:** Léiríonn na leathanaigh seo go mbíonn scileanna agus straitéisí ag forbairt thar am.

**Cur síos ar an uirlis:** Is liosta é seo de na scileanna léitheoireachta. Is féidir díriú ar scileanna faoi leith. Cuirtear dath leis na scileanna: glas (forbartha), oráiste (ag forbairt) agus dearg (níl sé forbartha).

**Cén uair a dhéantar é:** Is féidir an leathanach seo a líonadh do gach páiste uair sa mhí nó ag deireadh tréimhse réamhshocraithe.

**Cad é mar/Conas a dhéantar é:** Coinnigh an leathanach in aice láimhe agus tú ag éisteacht le páistí ag léamh. Marcáil an dath cuí le gach straitéis. Scríobh nótaí breise.

**Buntáistí:** Tá spás ann do nótaí mar threoir phleanála don chéad tréimhse eile. Is féidir na scileanna agus straitéisí céanna a mheas do léitheoireacht an Bhéarla agus comparáidí a dhéanamh.

An uirlis: **Taifead Reatha**

**Cén fáth:** Tugann taifid reatha eolas faoin léitheoireacht in dhá theanga faoi scileanna díchódaithe, cuimhne, eolas ar fhocail agus comhréir na teanga. Is féidir nasc a dhéanamh le tuiscint chomh maith.

**Cur síos ar an uirlis:** Is measúnú neamhfhoirmiúil é taifead reatha a thugann eolas ar na straitéisí léitheoireachta atá in úsáid agus in easnamh ag léitheoirí. Is fédir eolas ar theangacha eile a chur san áireamh. Cabhraíonn sé leis an mhúinteoir leibhéal léitheoireachta an pháiste a thuiscint agus an chéad chéim eile teagaisc a phleanáil.

**Cén uair a dhéantar é:** Is féidir TR a úsáid gach 6/8 seachtaine nó go rialta i rith na bliana le grúpa beag nó le páistí faoi leith nó nuair atá dul chun cinn nó deacracht léitheoireachta le fiosrú.

**Cad é mar/Conas a dhéantar é:**

**1. Roghnaigh téacs:** Sliocht nua nach bhfuil léite roimhe, thart ar 100–150 focal, ag leibhéal oiriúnach don pháiste.

**2.Éist leis an pháiste ag léamh:** Léann an páiste os ard. Marcáil earráidí agus féincheartú ar an fhoirm.

**3.Taifead na hearráidí:** Úsáid cóid shimplí: MF – mífhuaimniú, M – malartú focal, E – easnamh, I – ionsá, B – tionchar an Bhéarla, FC – féincheartú (ní earráid é féincheartú - is comhartha dearfach é).

**4.Cuntais na hearráidí/Féincheartú:** Cuntais líon na n-earráidí agus an féincheartú. Tá moltaí ann maidir le cruinneas: 99–100% → Téacs furasta, 90–94% → Leibhéal teagascach, Faoi 90% → Téacs dúshlánach. Tá ceisteanna tógtha faoi na céatadáin seo agus iad ró-ard don fhorbairt. Is féidir bheith solúbtha leo má léirítear tuiscint mhaith.

**5.Breathnaigh ar na straitéisí atá in úsáid:**

Tá **AMHARC** in úsáid mar straitéis má léitear roinnt fuaimeanna atá san fhocal ach bíonn cuid acu mícheart. *m.sh.* Tá *[sa phota]* sa téacs, léitear *[sa pholl]*. Is gá díriú ar fhuaimeanna eile seachas an túsfhuaim & súilaithne.

Tá **BRÍ** in úsáid mar straitéis má léitear focal a aithníonn siad, m.sh. *[crann]* nuair atá *[crainn]* sa téacs. Is minic nach léitear séimhiú/urú/ginideach/ iolra i bhfocail. Is gá díriú ar fhuaimeanna na Gaeilge agus gramadach.

Tá **COMHRÉIR** in úsáid mar straitéis má bhaintear úsáid as frásaí atá ar eolas ach nach bhfuil sa téacs, m.sh. deir léitheoir *[go raibh maith agat]* ach tá *[go raibh tú anseo]* sa téacs. Tugann comhréir na Gaeilge leid don léitheoir má bhíonn athrú gramadaí ar fhocail. Le feabhas a chur ar chomhréir na Gaeilge tá gá le léitheoireacht, léitheoireacht, agus tuilleadh léitheoireachta!

**6.Cuir ceisteanna tuisceana:** Ceisteanna a spreagann freagra atá díreach sa téacs, a bhfuil gá le smaoineamh & cuardach agus nasc le taithí phearsanta.

**Buntáistí & Míbhuntáistí:** Léiríonn TF dúinn má tá téacs ró-fhurasta nó ró-dheacair, na scileanna atá ag obair go maith, na straitéisí atá in easnamh agus an cineál teagaisc atá de dhíth. Tugann TF eolas dúinn faoi fhorbairt teanga sa Ghaeilge agus i gcomhthéacs eolais ar an Bhéarla. Tá níos mó eolais de dhíth maidir leis na céatadáin chruinnis.

An uirlis: **Líofacht na Léitheoireachta**


**Cén fáth:** Tá nasc láidir idir líofacht na léitheoireachta agus tuiscint na léitheoireachta. Gach uair a léitear téacs ardaíonn an tuiscint. Tugtar spriocanna le díriú orthu sa chéad léamh eile.

**Cur síos ar an uirlis:** Tá dhá rud i gceist le **líofacht na léitheoireachta**; luas agus prosóid. Is gá an dá rud a aithint. Tá sé aitheanta go léann léitheoirí óga níos moille sa dara teanga.

**Cén uair a dhéantar é:** Is féidir le múinteoir an líofacht a mheas uair sa mhí le gach páiste, le grúpa nó le páistí faoi leith. Is féidir leis na páistí an líofacht a chleachtadh agus measúnú a dhéanamh ar a chéile nó féinmheasúnú a dhéanamh.

**Cad é mar/Conas a dhéantar é:** Éist leis na páistí ag léamh os ard. Is féidir seal a thabhairt dóibh leis an líofacht a chleachtadh agus a fheabhsú ar dtús. Le luas a mheas cuntais líon na bhfocal a léitear i nóiméad. Le prosóid a mheas dírigh ar iontonú agus léiriú. Bain úsáid as na leathanaigh le taifead a dhéanamh. Is gá go mbeidh an téacs ag caighdeán cuí don léitheoir leis an líofacht a mheas.

**Buntáistí:** Tá gnéithe faoi leith na Gaeilge curtha san áireamh agus rannóg ann a bhaineann le haird ar infhillteacha; séimhiú, urú, iolraí, tuisil. Sa leagan seo, mar sin, is é 20 an scór iomlán. (16 an scór iomlán atá ag Rasinski). 62.5% (10/16) an scór atá molta mar scór sásúil. Cloítear leis an chéatadán seo sa leagan Gaeilge.



An uirlis: **Scála Feasachta Foclóra**

**Cén fáth:** Bíonn eolas ar fhocail ar chontanam, ó fhocail nach bhfuil ar eolas ar chor ar bith go focail atá ar eolas go maith agus i gcomhthéacs. Caithfear leithead agus doimhneacht an eolais ar fhocail a chur san áireamh le measúnú.

**Cuir síos ar an uirlis:** Moltar contanam eolais a úsáid le heolas ar fhoclóir a mheas, ó fhocail atá feicthe againn go focail atá ar eolas go maith. Is féinmheasúnú atá i gceist leis an scála seo.

**Cén uair a dhéantar é:** Is féidir an uirlis seo a úsáid go minic. Bíonn béim ar fhoclóir nua i ngach ceacht léitheoireachta, mar sin, is féidir go mbeidh aird ag páistí ar an chontanam seo i ngach ceacht.

**Cad é mar/Conas a dhéantar é:** Is féidir le múinteoirí an scála seo a úsáid le foclóir a theagasc agus le forbairt a mheas ag leibhéil éagsúla cumais. Is iad na páistí féin a chuireann na focail isteach agus a mheasann an t-eolas atá acu féin ar na focail. Is féidir measúnú a dhéanamh ar na focail chéanna i ndiaidh tréimhse ama agus a chinntiú go mbogann siad ar an scála.

**Buntáistí:** Leagtar béim ar fhorbairt feasachta focal, rud atá riachtanach i bhfoghlaim teanga. Cuirtear an fheasacht mhoirfeolaíochta agus an tuiscint ar struchtúir mhoirféimeacha na bhfocal san áireamh. Is féidir go dtacóidh sé sin le léitheoirí a gcuid eolais féin a aithint agus cur leis na scileanna le focail nua a shealbhú.

An uirlis: **Fardal Díchódaithe: Leibhéal 1 & 2**

**Cén fáth:** Tá an uirlis seo do pháistí a léiríonn easpa eolais ar na scileanna agus na straitéisí a bhaineann le fónaic nó díchódú sa léitheoireacht/taifead reatha. Is féidir níos mó eolais a fhiosrú fúthu le tacaíocht a chur ar fáil ag an leibhéal cuí.

**Cur síos ar an uirlis:** Tá an cur chuige sa mheasúnú seo bunaithe ar mholtaí atá ag Walpole et al. (2011). Is rud sainiúil ag an Ghaeilge é fónaic na Gaeilge ach, leis an uirlis seo, baintear úsáid as an chur chuige agus na moltaí maidir le briseadh síos na scileanna agus an scóráil. Tá dhá leibhéal ann, focail aonsiollacha i Leibhéal 1 agus focail iolsiollacha i Leibhéal 2. Tá 6 chuid i ngach leibhéal; 1)Na gutaí gearra. 2) Na gutaí fada. 3) Dhá chonsan, fuaim amháin. 4) Consain chaola agus leathana. 5) Léirithe de na gutaí gearra. 6) Léirithe de na gutaí fada. Tá fíorfhocail agus focail bhréagacha ann i ngach cuid.

**Cén uair a dhéantar é:** Is féidir an uirlis seo a úsáid go míosúil nó le páistí a léiríonn easpa scileanna fónaice sa léitheoireacht/taifead reatha le níos mo eolais a fhiosrú.

**Cad é mar/Conas a dhéantar é:** Ag brath ar leibhéal eolais an pháiste roghnaigh Leibhéal 1 nó Leibhéal 2. Léann an páiste na focail/frásaí go leanúnach i ngach rannóg. Beidh an deacracht soiléir de réir mar a léann siad. Moltar go mbeidh scór 80% ar a laghad ag páistí do na fíorfhocail agus 60% ar a laghad do na bréagfhocail. Tá sé níos fusa scór níos airde a fháil leis na fíorfhocail mar go bhfuil seans ann go n-úsáidfear straitéis eile leis na focail sin a léamh. Is gá díriú ar dhíchódú amháin le bréagfhocail.

**Buntáistí:** Tá seans ann go bhfuil léitheoir ag léiriú fadhbanna faoi leith sa léitheoireacht, a léiríonn easpa eolais ar fhuaimeanna agus ortagrafaíocht na Gaeilge. Is féidir an áit chuí san eolas sin a aimsiú le díriú ar an fhadhb le cleachtaí nó le hidirghabháil.

.......................................................................................................................

**Is samplaí iad na leathanaigh seo a spreagfaidh moltaí eile. Léiríonn siad an oiread scileanna agus straitéisí a bhaineann leis an léitheoireacht. Léiríonn siad chomh maith gur féidir an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm i nGaeilge agus i mBéarla agus na scileanna sa dá theanga a mheas.**

# Seicliosta na Scileanna

## Na Soilse Tráchta

| Ainm an pháiste: | Rang: | Dáta: |
|---|---|---|
| | | |

| Scil/Straitéis | Forbartha<br>Solas glas | Ag forbairt<br>Solas oráiste | Le forbairt<br>Solas dearg | Nótaí Múinteora |
|---|---|---|---|---|
| **Léitheoireacht chórúil**<br>(léann go muiníneach) | ◯ | ◯ | ◯ | |
| **Léitheoireacht neamhspleách**<br>(léann go ciúin / i gcogar le muinín) | ◯ | ◯ | ◯ | |
| **Aithint focal**<br>(baintear úsáid as straitéisí cuí le focail a aithint) | ◯ | ◯ | ◯ | |
| **Úsáid fóinéimí**<br>(an cur chuige le focail a léamh) | ◯ | ◯ | ◯ | |
| **Foclóir**<br>(focail atá ar eolas agus úsáid scileanna le focail a oibriú amach) | ◯ | ◯ | ◯ | |
| **Líofacht**<br>(léann le luas rialta agus léiríonn tuiscint sa phrosóid) | ◯ | ◯ | ◯ | |
| **Réamheolas**<br>(in ann taithí phearsanta a úsáid le tacú le tuiscint) | ◯ | ◯ | ◯ | |
| **Smaoineamh os ard**<br>(déanann cur síos cuí ar phróiseas smaointeoireachta) | ◯ | ◯ | ◯ | |

# Seicliosta na Scileanna

## Na Soilse Tráchta

| Ainm an pháiste: | Rang: | Dáta: |
|---|---|---|
| | | |

| Scil/Straitéis | Forbartha<br>Solas glas | Ag forbairt<br>Solas oráiste | Le forbairt<br>Solas dearg | Nótaí Múinteora |
|---|---|---|---|---|
| **Pointí tábhachtacha a aithint**<br>(léiríonn gnéithe sa téacs atá tábhachtach don tuiscint) | ○ | ○ | ○ | |
| **Amharcléiriú**<br>(déanann cur síos ar phictiúir sa tsamhlaíocht spreagtha ag an téacs) | ○ | ○ | ○ | |
| **Naisc**<br>(in ann nasc a dhéanamh lena saol féin, téacsanna eile, an domhan) | ○ | ○ | ○ | |
| **Achoimre**<br>(in ann an scéal a insint ina f(h)ocail féin le struchtúr) | ○ | ○ | ○ | |
| **Tuar**<br>(in ann a rá cad a tharlóidh le fianaise) | ○ | ○ | ○ | |
| **Tátal**<br>(baineann úsáid as a eolas féin agus fianaise sa téacs le tátal a bhaint as) | ○ | ○ | ○ | |
| **Ceistiú**<br>(cuireann agus freagraíonn ceisteanna arda/ísle) | ○ | ○ | ○ | |
| **Monatóireacht**<br>(in ann féincheartú a dhéanamh ag staideanna difriúla) | ○ | ○ | ○ | |

# Leidleathanach léitheoireachta

## Taifid Reatha

**Is earráidí iad seo:**

- Mífhuaimniú (MF)
- Malartú (M)
- Béarla (B) (Fuaim/Focal)
- Ionsá (I)
- Easnamh (E)
- Tacaíocht Múinteora (TM)

**Ní earráidí iad seo:**

- Féincheartúcháin (FC):
- Focail athráite
- Iarracht cheart
- Achomharc ceart
- Fuaimniú de réir canúna

Úsáid **cód** leis na hearráidí agus na straitéisí a chlárú.



Tacaigh leis na daltaí na straitéisí ar fad a úsáid go héifeachtach

**Amharc:** An bhfuil cuma cheart air?

**Comhréir:** An abairt cheart í?

**Brí:** An bhfuil ciall leis?

Oibrigh amach an **céatadán cruinnis** agus an ráta FC.

### Ceatadán Cruinnis

1. Focail Reatha – Earráidí = Scór

☐ ☐ ☐

2. Scór ÷ Focail Reatha x 100 = % Cruinneas

☐ ☐ ☐

### Ráta Féincheartúcháin (FC)

1. Iomlán earráidí + Iomlán FC = Iomlán

☐ ☐ ☐

2. Iomlán ÷ Iomlán FC x 100 = Ráta

☐ ☐ ☐

### Na Céatadáin Chruinnis

**Téacs furasta:** 99-100%

**Leibhéal teagascach:** 90-94%

**Téacs dúshlánach:** faoi 90%

(Is féidir bheith níos leithne má léirítear tuiscint)

# Leidleathanach léitheoireachta ABC

## Cad a thug ar an bpáiste a leithéid a léamh?



## Amharc

An bhfuil an chuma chéanna ar an earráid agus ar an bhfocal sa téacs?

Bhain an dalta úsáid as na litreacha agus as cuma an fhocail.

pholl
Tá planda sa ~~phota~~.

## Brí



An bhfuil ciall leis an earráid?

Bhain an dalta úsáid as pictiúrleid le focal a roghnú.

Roghnaigh an dalta focal eile a bhfuil ciall leis sa téacs nó fréamh an fhocail.

buachaill
Tá an ~~páiste~~ ag súgradh.
poll
Tá cré sa ~~pholl~~.

## Comhréir



An bhfuil an earráid ag teacht le comhréir na Gaeilge?

Ar léigh an dalta frása eile aitheanta a leanann comhréir na Gaeilge?

Níl a fhios
~~Ní fios~~ do na daoine.

# Leidleathanach léitheoireachta ABC

**Cad é a thug ar an pháiste a leithéid a léamh?**




## Amharc

An bhfuil an chuma chéanna ar an earráid agus ar an fhocal sa téacs?

Bhain an dalta úsáid as na litreacha agus as cuma an fhocail.

pholl
Tá planda sa ~~phota~~.



## Brí

An bhfuil ciall leis an earráid?

Bhain an dalta úsáid as pictiúrleid le focal a roghnú.

Roghnaigh an dalta focal eile a bhfuil ciall leis sa téacs nó freamh an fhocail.

buachaill
Tá an ~~páiste~~ ag súgradh.
poll
Tá cré sa ~~pholl~~.

## Comhréir



An bhfuil an earráid ag teacht le comhréir na Gaeilge?

Ar léigh an dalta frása eile aitheanta a leanann comhréir na Gaeilge?

Níl a fhios
~~Ní fios~~ do na daoine.

Ainm: ....................................... Teideal an leabhair: .................................. Dáta: ...........

# Taifead Reatha

*Roghnaigh sliocht ó leabhar (100-150 focal). Bain úsáid as an leathanach seo agus an páiste ag léamh an leabhair. Má dhéantar earráid/féincheartú léirigh sa spás é. Ciorclaigh cé acu A, B nó C an straitéis a úsáideadh san earráid/féincheartú. Is féidir cód an leidleathanaigh a úsáid le níos mó sonraí a dhéanamh. Scríobh líon na n-earráidí/bhféincheartúchán sna colúin agus an t-iomlán ag an bhun.*

| Lch. líne | E=Earráidí FC=Féincheartú<br>A=Amharc B=Brí C=Comhréir | E | FC | E<br>A B C | FC<br>A B C |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | | | | A B C | A B C |
| | **IOMLÁN** | | | | |

Ráta Cruinnis ☐ Ráta na nEarráidí ☐ Ráta Féincheartaithe ☐

Nótaí múinteora agus spriocanna:

# **Leathanach Measúnaithe Líofachta** *(leathanach an pháiste)*

Ainm: ______________________________ Script: __________________________________

Dáta: ______________________________ Measúnú déanta ag: ______________________

*Éist le grúpa/páiste eile ag léamh. Tabhair scór agus moltaí dóibh/dó/di. Bí cineálta agus cabhrach, beidh scór ag gach duine.*

| **Líofacht** | Ní go minic 1 | In amanna 2 | Go minic 3 | Scór | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| **Mothúcháin -** déanann an léitheoireacht suimiúil, léann le mothú | | | | | |
| **Airde -** léann os ard agus soiléir | | | | | |
| **Go réidh / go rialta -** léann go réidh ag aithint frásaí agus poncaíocht | | | | | |
| **Luas -** léann ag luas ceart mar a bheadh caint ann | | | | | |
| **Fuaimniú –** léitear séimhiú/urú/iolraí srl. go soiléir | | | | | |
| Eile: | | | | | |
| IOMLÁN | | | | | |

Líon isteach an chuid seo tú féin, tabhair 3 sprioc duit féin don chéad léamh eile. Má fuair tú scór 1 nó 2, déan iarracht 3 a bhaint amach sa chéad léamh eile.

| Dáta | Spriocanna léitheoireachta | Dul chun cinn | Nótaí |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Ainm ............................................ Rang ......... Dáta ............................

# Measúnú ar Líofacht na Léitheoireachta *(leathanach an mhúinteora)*

## Luas & Prosóid

### Luas na líofachta

A: Líon focal léite sa nóiméad: .........

B: Líon na n-earráidí: .........

A – B = Focail chearta léite sa nóiméad ☐



### Prosóid

- Réimse léirithe agus airde a bheadh sa chaint nádúrtha ........................ (ní go minic) 1 2 3 4 (go minic)
- Frásáil le béim agus iontonú, aird ar phoncaíocht ................................ (ní go minic) 1 2 3 4 (go minic)
- Léann le rialtacht agus sosanna cuí ag aithint struchtúr abairtí ............ (ní go minic) 1 2 3 4 (go minic)
- Léann ag luas comhrá .............................................................................. (ní go minic) 1 2 3 4 (go minic)
- Léann focail le séimhiú, urú, iolraí, tuisil go cruinn agus go soiléir ......(ní go minic) 1 2 3 4 (go minic)

Scór: ☐ as 20

*Bunaithe ar Rasinski (1989). Curtha in oiriúint ag Jacaí de Brún*

Ainm ............................................... Rang ...... Dáta .......................

**Líofacht na léitheoireachta: Prosóid** *Cur síos ar na gnéithe prosóide*

| | 1 | 2 | 3 | 4 | SCÓR |
|---|---|---|---|---|---|
| **Léiriú mothúcháin agus airde** | Léann i nguth ciúin go díreach leis na focail a rá. Níl an léitheoireacht mar a bheadh caint nádúrtha le cara ann. | Léann i nguth ciúin. Tá an léitheoireacht mar a bheadh caint nádúrtha le cara ann i gcodanna den téacs, ach ní i gcónaí. | Léiríonn mothúcháin agus airde sa léitheoireacht. Tá an léitheoireacht mar a bheadh caint nádúrtha le cara ann sa chuid is mó den téacs, ach ní i gcónaí. | Léiríonn mothúcháin agus airde sa léitheoireacht. Léann mar a bheadh caint nádúrtha le cara ann, guth ag teacht le léiriú an téacs. | /4 |
| **Frásáil** | Léann focal ar fhocal i nguth aontonach. | Léann i bhfrásaí dhá nó trí fhocal, gan aird ar phoncaíocht, béim nó iontonú. | Léann le meascán de líofacht, sosanna lár abairtí le hanáil a ghlacadh agus mílíofacht. Léiríonn béim & iontonú go measartha maith. | Léiríonn frásaí go maith sa léitheoireacht; cloíonn le poncaíocht, béim agus iontonú. | /4 |
| **Rialtacht – le rithim réidh** | Stopann go minic, fuaimníonn focail, déanann athrá ar fhocail/fhrásaí. Déanann roinnt iarrachtaí. | Léann go stadach le sosanna. Bíonn go leor 'píosaí deacra' ann. | Bíonn briseadh sa rithim ó am go chéile. Bíonn deacrachtaí ag an léitheoir le focail áirithe agus/nó struchtúr abairtí. | Léann le rithim nádúrtha atá compardach agus soiléir. | /4 |
| **Luas** | Léann go mall agus le deacrachtaí. | Léann go measartha mall in áiteanna. | Léann ag luas measartha maith tríd an léamh ar fad. | Léann ag luas comhrá tríd an léamh ar fad. | /4 |
| **Fuaimniú** | Níl aird ar shéimhiú, urú, iolraí, tuisil sa léitheoireacht, léann cuid de na focail go mícheart. | Níl aird ar shéimhiú, urú, iolraí, tuisil sa léitheoireacht, léann fréamh an fhocail den chuid is mó. | Léann fréamh an fhocail agus déanann féincheartú le séimhiú, urú, srl. Bíonn deacrachtaí le focail dheacra/ nua a léamh. | Léann focail le séimhiú, urú, iolraí, tuisil agus focail nua go cruinn agus go soiléir. | /4 |
| | **Léiríonn scór 12 nó níos mó go bhfuil an dalta ag forbairt go maith sa líofacht.** | | | | Iomlán: /20 |

*Bunaithe ar Rasinski (2014). Curtha in oiriúint ag Jacaí de Brún*

Ainm ....................................... Rang ......... Dáta ....................

# Forbairt Foclóra
## Scála feasachta foclóra

Cad iad na focail nua sa téacs seo? Roghnaigh …. focal. Scríobh na focail ar chlé in aice leis an ráiteas cuí. Cén t-eolas atá agat ar na focail seo? Scríobh do mheas in aice leis an ráiteas cuí. Is féidir níos mó ná focal amháin a scríobh i mboscaí. Oibrigh amach do scór!

| AN FOCAL NUA | CUR SÍOS AR EOLAS AR FHOCAL | MO MHEAS | SCÓR MOLTA |
|---|---|---|---|
| | Ní cuimhin liom an focal seo a fheiceáil riamh roimhe | | **1** |
| | Chonaic mé an focal seo roimhe ach níl a fhios agam an chiall atá leis | | **2** |
| | Aithním cuid den fhocal seo, is féidir liom an chiall a oibriú amach (scríobh cur síos air) | | **3** |
| | Chonaic mé an focal seo roimhe agus measaim go gciallaíonn sé … (scríobh míniú) | | **3** |
| | Tá a fhios agam an focal seo. Ciallaíonn sé … (scríobh míniú) | | **4** |
| | Tá a fhios agam an focal seo. Is féidir liom an focal seo a chur in abairt (scríobh abairt leis) | | **5** |
| | | | **IOMLÁN**<br><br>**/18** |

# Grúpa Léitheoireachta: Spriocanna

| Ainm an dalta | Tacaíocht<br>Amharc Brí Comhréir | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| | A B C | |
| | A B C | |
| | A B C | |
| | A B C | |
| | A B C | |
| | A B C | |
| | A B C | |
| | A B C | |
| | A B C | |

**Spriocstraitéis an ghrúpa:**

Ainm ............................................... Rang ...................... Dáta ...............

# Fardal Díchódaithe: Rúibric
## Leibhéal 1 *(eolas ar chód - focail aonsiollach)*

*Nóta: Sna focail ar fad déantar iarracht díriú ar an spriocfhuaim agus litir amháin, fuaim amháin sa chuid eile den fhocal. Athraíonn fuaim amháin sna bréagfhocail.*
*Tabhair marc amháin má léitear an focal go cruinn gan stró. Déan nóta maidir le cumas an pháiste le fuaimeanna a nascadh, fuaimeanna a dheighilt agus fóinéimí a mhúnlú.*

*Mol gach fuaim a rá i gcomhthéacs an fhocail. Mol focail a rá i gcanúint an pháiste.*

**Gutaí gairide** (léirithe le litir amháin)

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| a | masc | |
| o | clog | |
| u | sult | |
| e | le | |
| i | glic | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí gairide - Bréagfhocail** (léirithe le litir amháin)

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| a | nasc | |
| o | cloc | |
| u | mult | |
| e | me | |
| i | gric | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada** (léirithe le litir amháin)

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | smál | |
| ó | clón | |
| ú | plúr | |
| é | plé | |
| í | sín | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada - Bréagfhocail** (léirithe le litir amháin)

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | scál | |
| ó | clór | |
| ú | plúm | |
| é | pré | |
| í | bín | |
| | | **........ as 5** |

## Dhá chonsan, fuaim amháin

*Nóta: litir amháin, fuaim amháin le gach léiriú seachas an spriocfhuaim. Léirithe leathana amháin.*

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| mh | ba mhó | |
| ch | mo charr | |
| bh | bhog | |
| th | thug | |
| gh | mo ghlór | |
| ph | mo phás | |
| sh | mo shos | |
| fh | d’fhág | |
| ng | long | |
| mb | i mbun | |
| bp | i bponc | |
| nd | i ndán | |
| gc | i gcón | |
| dt | i dtúr | |
| bhf | an bhfaca | |
| | | **........ as 15** |

**Dhá chonsan, fuaim amháin - Bréagfhocail**

*Nóta: litir amháin, fuaim amháin le gach léiriú seachas an spriocfhuaim. Léirithe leathana amháin.*

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| mh | ba mhú | |
| ch | mo chal | |
| bh | bhol | |
| th | thúg | |
| gh | mo ghlar | |
| ph | mo phál | |
| sh | mo shom | |
| fh | d'fhár | |
| ng | mong | |
| mb | i mbul | |
| bp | i bpanc | |
| nd | i ndón | |
| gc | i gcún | |
| dt | i dtár | |
| bhf | an bhfala | |
| | | **........ as 15** |

## Caol agus leathan

*Nóta: Athraíonn gach guta. Níl anseo ach samplaí. Iarr gach focal de réir canúna.*

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| t | trá tinn | |
| s | sa sé | |
| d | dán d'ith | |
| r | ag cur cuir | |
| n | nach nead | |
| bh | an bhó bhí | |
| mh | ba mhó an mhí | |
| dh | mo dhorn de dhíth | |
| gh | a ghrá an ghé | |
| | | **........ as 18** |

## Caol agus leathan - Bréagfhocail

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| t | tal till | |
| s | sul sim | |
| d | dóm dim | |
| n | nál neal | |
| r | mur muir | |
| bh | a bhala bhé | |
| mh | a mhó a mhíp | |
| dh | a dhón a dhé | |
| gh | mo ghóm a ghil | |
| | | **........ as 18** |

Gutaí gairide (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| i | crios | |
| u | fliuch | |
| o | deoch | |
| a | geal | |
| e | bheith | |
| | | **........ as 5** |

Gutaí gairide – Bréagfhocail (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| i | brios | |
| u | flium | |
| o | beoch | |
| a | meal | |
| e | bheil | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada** (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | páirc | |
| ú | súil | |
| ó | is óige | |
| í | ina luí | |
| é | péint | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada: Bréagfhocail** (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | náirc | |
| ú | múil | |
| ó | óile | |
| í | muí | |
| é | léint | |
| | | **........ as 5** |

# Scór

## Fíorfhocail

*Ba chóir don dalta 80% ar a laghad a bhaint amach ag léamh na bhfíorfhocal. (42/53)*

| Gutaí gairide (litir amháin) | Gutaí fada (litir amháin) | 2 litir, fuaim amháin | Caol, leathan | Gutaí gairide (léirithe) | Gutaí fada (léirithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| /5 | /5 | /15 | /18 | /5 | /5 |
| | | | | **Iomlán:** | **/53** |

## Bréagfhocail

*Ba chóir don dalta 60% ar a laghad a bhaint amach ag léamh na mbréagfhocal (32/50).*

| Gutaí gairide (litir amháin) | Gutaí fada (litir amháin) | 2 litir, fuaim amháin | Caol, leathan | Gutaí gairide (léirithe) | Gutaí fada (léirithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| /5 | /5 | /15 | /18 | /5 | /5 |
| | | | | **Iomlán:** | **/53** |

**Scór iomlán: ............. %**

Ainm ..................................... Rang ......... Dáta ..................

# Fardal Díchódaithe: Rúibric

## Leibhéal 2 *(eolas ar chód - focail ilsiollacha)*

*Nóta: Sna focail ar fad déantar iarracht díriú ar an spriocfhuaim agus litir amháin, fuaim amháin sa chuid eile den fhocal. Athraíonn fuaim amháin sna bréagfhocail.*
*Tabhair marc amháin má léitear an focal go cruinn gan stró. Déan nóta maidir le cumas an pháiste le fuaimeanna a nascadh, fuaimeanna a dheighilt agus fóinéimí a mhúnlú.*

*Mol gach fuaim a rá i gcomhthéacs an fhocail. Mol focail a rá i gcanúint an pháiste.*

**Gutaí gairide** (léirithe le litir amháin)

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| a | galar | |
| o | costas | |
| u | pluca | |
| e | lena | |
| i | imir | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí gairide - Bréagfhocail** (léirithe le litir amháin)

*Nóta: Cnuaschonsain san áit chéanna sna bréagfhocail agus atá sna fíorfhocail.*

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| a | salar | |
| o | mostas | |
| u | bluca | |
| e | lema | |
| i | imil | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada** (léirithe le litir amháin)

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | brádán | |
| ó | ómós | |
| ú | bunús | |
| é | inné | |
| í | dílis | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada - Bréagfhocail** (léirithe le litir amháin)

*Nóta: Cnuaschonsain san áit chéanna sna bréagfhocail agus atá sna fíorfhocail.*

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | brálán | |
| ó | ólós | |
| ú | búnus | |
| é | illé | |
| í | bílis | |
| | | **........ as 5** |

**Dhá chonsan, fuaim amháin**

*Nóta: litir amháin, fuaim amháin le gach léiriú seachas an spriocfhuaim. Léirithe leathana amháin.*

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| mh | lámha | |
| ch | mo chamall | |
| bh | ábhar | |
| th | athrú | |
| gh | mo ghlasra | |
| ph | mo phálás | |
| sh | dúshlánach | |
| fh | pasfhocal | |
| ng | ranganna | |
| mb | an mbogann | |
| bp | i bpatrún | |
| nd | ár ndomhan | |
| gc | i gcogar | |
| dt | i dtaca | |
| bhf | brí na bhfocal | |
| | | **........ as 15** |

**Dhá chonsan, fuaim amháin - Bréagfhocail**

*Nóta: litir amháin, fuaim amháin le gach léiriú seachas an spriocfhuaim. Léirithe leathana amháin.*

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| mh | mámha | |
| ch | mo chamam | |
| bh | úbhar | |
| th | athró | |
| gh | mo ghlamra | |
| ph | mo phárás | |
| sh | rúshlánach | |
| fh | masfhocal | |
| ng | manganna | |
| mb | a mbagann | |
| bp | i bpútrún | |
| nd | i ndomhar | |
| gc | i gcúgar | |
| dt | i dtóca | |
| bhf | an bhfúcal | |
| | | **........ as 15** |

### Caol agus leathan

*Nóta: Athraíonn gach guta. Níl anseo ach samplaí de na hathruithe is suntasaí.*
*Iarr gach focal de réir canúna.*

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| t | turas tine | |
| s | solas sifín | |
| d | dúradán dísle | |
| n | núdal neantóg | |
| r | rothar rothair | |
| bh | sa bhothán mo bhríste | |
| mh | rómhall rómhinic | |
| dh | do dháta mo dhísle | |
| gh | a ghortú an ghealach | |
| | | **........ as 18** |

### Caol agus leathan - Bréagfhocail

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| t | taras tile | |
| s | salas simín | |
| d | dúladán dímle | |
| n | núfal neantóir | |
| r | lothar lothair | |
| bh | a bhollán bhríte | |
| mh | amhall rómhilic | |
| dh | a dhóta a dhímse | |
| gh | mo ghorta a ghealan | |
| | | **........ as 18** |

**Gutaí gairide** (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Focal samplach | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| i | prionsa | |
| u | fliuchas | |
| o | deora | |
| a | sneachta | |
| e | eilifint | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí gairide – Bréagfhocail** (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| i | brionsa | |
| u | fliumas | |
| o | deola | |
| a | preachta | |
| e | eilitint | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada** (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | amháin | |
| ú | fichiú | |
| ó | foclóir | |
| í | smaoinigh | |
| é | éigin | |
| | | **........ as 5** |

**Gutaí fada: Bréagfhocail** (léirithe éagsúla)

| Fuaim | Bréagfhocal | Nótaí múinteora |
|---|---|---|
| á | amháil | |
| ú | michiú | |
| ó | toclóir | |
| í | smaoinil | |
| é | éilin | |
| | | **........ as 5** |

# Scór

## Fíorfhocail

*Ba chóir don dalta 80% ar a laghad a bhaint amach ag léamh na bhfíorfhocal. (42/53)*

| Gutaí gairide (litir amháin) | Gutaí fada (litir amháin) | 2 litir, fuaim amháin | Caol, leathan | Gutaí gairide (léirithe) | Gutaí fada (léirithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| /5 | /5 | /15 | /18 | /5 | /5 |
| | | | | **Iomlán:** | **/53** |

## Bréagfhocail

*Ba chóir don dalta 60% ar a laghad a bhaint amach ag léamh na mbréagfhocal (32/50).*

| Gutaí gairide (litir amháin) | Gutaí fada (litir amháin) | 2 litir, fuaim amháin | Caol, leathan | Gutaí gairide (léirithe) | Gutaí fada (léirithe) |
|---|---|---|---|---|---|
| /5 | /5 | /15 | /18 | /5 | /5 |
| | | | | **Iomlán:** | **/53** |

**Scór iomlán: /106 ..........%**